CINNEADH (CBES) 2020/2031 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Nollaig 2020

lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia)

TÁ COMHARILE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Iúil 2012 ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/389/CBES ([1]) a bhaineann le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta Muirí Réigiúnaí i gCorn na hAfraice (EUCAP NESTOR).

(2) An 12 Nollaig 2016 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2240 ([2]), lenar leasaíodh sainordú an Mhisin le go ndíreofaí leis ar fhothú acmhainneachta sa tSomáil agus lenar athraíodh ainm an Mhisin go EUCAP Somalia.

(3) An 10 Nollaig 2018 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1942 ([3]) lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES chun EUCAP Somalia a shíneadh agus méid tagartha airgeadais a sholáthar dó don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2020. Cuireadh fad leis an méid tagartha airgeadais sin le Cinneadh (CBES) 2020/663 ([4]) ón gComhairle.

(4) I gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh Iomlánaigh agus chomhordaithe ar rannpháirtíocht CBSC sa tSomáil agus i gCorn na hAfraice, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála EUCAP Somalia a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2022 agus a shainordú a leasú.

(5) Ba cheart Cinneadh 2012/389/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 2 agus 3:

"Airteagal 2

Ráiteas Misin

1. Déanfaidh EUCAP Somalia cúnamh a thabhairt don tSomáil maidir lena hacmhainneacht slándála muirí a neartú chun go mbeidh sí in ann dlí muirí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí.

2. Ina theannta sin, déanfaidh EUCAP Somalia cúnamh a thabhairt don tSomáil maidir lena hacmhainneacht phóilíneachta a neartú chun tacú le cur chun feidhme Phlean Aistrithe na Somáile chun freagrachtaí slándála a aistriú chuig údaráis na Somáile.

([1]) Cinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 187, 17.7.2012, lch. 40).

([2]) Cinneadh (CBES) 2016/2240 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES a bhaineann le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta Muirí Réigiúnaí i gCorn na hAfraice (EUCAP NESTOR) (IO L 337, 13.12.2016, lch. 18).

([3]) Cinneadh (CBES) 2018/1942 ón gComhairle an 10 Nollaig 2018 lena gcuirtear fad le agus lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 314, 11.12.2018, lch. 56).

([4]) Cinneadh (CBES) 2020/663 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2020 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 157, 19.5.2020, lch. 1).

Airteagal 3

Cuspóirí agus Cúraimí

1. Chun an Ráiteas Misin a leagtar amach in Airteagal 2 a bhaint amach, déanfaidh EUCAP Somalia an méid seo a leanas:

(a) feabhas a chur ar acmhainneacht na Somáile an dlí sibhialta muirí a fhorfheidhmiú chun rialachas muirí éifeachtach a chur i bhfeidhm ar an gcósta, ar na huiscí inmheánacha, ar an bhfarraige teorann agus ar an limistéar eacnamaíoch eisiach;

(b) acmhainneacht na Somáile cigireacht agus forfheidhmiú iascaigh a threisiú, cuardach agus tarrtháil mhuirí a áirithiú, smuigleáil a chomhrac, píoráideacht a chomhrac agus an limistéar cósta ar tír agus ar muir a chomhrac;

(c) acmhainneacht na hAireachta Slándála Inmheánaí agus seirbhísí póilíneachta na Somáile a neartú chun tacú le cur chun feidhme Phlean Aistrithe na Somáile chun freagrachtaí slándála a aistriú chuig údaráis na Somáile.

2. D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, tacóidh EUCAP Somalia le húdaráis na Somáile an reachtaíocht is gá a fhorbairt agus údaráis bhreithiúnacha a bhunú trí na nithe seo a leanas:

(a) an mheantóireacht, an chomhairle, an oiliúint agus an trealamh is gá a chur ar fáil d'eintitis um fhorfheidhmiú dlí sibhialta muirí na Somáile;

(b) comhairle agus meantóireacht a chur ar fáil, a mhéid is féidir, maidir le beartas, ceannas, rialú agus comhordú, chomh maith le tacaíocht agus trealamh tionscadail a sholáthair don Aireacht Slándála Inmheánaí agus do sheirbhísí póilíneachta na Somáile chun tacú le tionscnaimh ón Aontas agus ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta.

3. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, feidhmeoidh EUCAP Somalia i gcomhréir leis na línte oibríochta agus leis na cúraimí a leagtar amach sna doiciméid oibríochtúla pleanála a d'fhormheas an Chomhairle.

4. Ní bheidh aon fheidhm feidhmiúcháin ag EUCAP Somalia.";

(2) in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Is é EUR 87 780 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUCAP Somalia a chumhdach don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2022.";

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

"4. Comhoibreoidh an Ceann Misin leis na gníomhaithe idirnáisiúnta eile sa réigiún, go háirithe Oifig Pholaitiúil na Náisiún Aontaithe don tSomáil, Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta, Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe**,** INTERPOL agus an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

5. Comhordóidh an Ceann Misin go dlúth le Atalanta, le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun cur le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus le cláir ábhartha cúnaimh an Aontais.";

(4) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí:

"Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2022.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH